

Mo Bhealach Féin

Seosamh Mac Grianna

Irish Language Version with Page Numbers Referenced

Mo Bhealach Féin - - An Gúm, Foras na Gaeilge - 2008

An leagan softback leis an gclúdach gorm - (an t-aon leagan nua-aimseartha de Mo Bhealach Féin atá ar diol...go bhfios dom)

Chapter 1

Barr an leathanaigh

(lch. 5)

Deir siad go bhfuil an fhírinne searbh, ach, creid mise, ní searbh atá sí ach garbh, agus sin an íáth a seachantar f.

Is óg i mo shaol a chonaic mé uaim é, an ród sin a bhí le mo mhian, an bealach cas geal a raibh sleasa cnoc ar gach taobh de a ba deise ná aon chnoc dá bhfuil i gceol; agus anál aeir os a chionn a bhéarfadh bua ar aer an tsaoil mar bheir an fíon bua ar an uisce; agus seandroichid a bhí ag éisteacht le cogarnach srutha a fhad agus théid an chéad mhearchuimhne; agus bailte bánbhreaca idir neoin bhig agus béal maidne; agus clúideanna scíste a bhféadfainn suí iontu go n-aithnínn beo gach gas agus luibh iontu; agus rosanna scaite aislingeacha:

Ar bhruach na toinne le taobh na Finne

'S mé 'léachaint loingis ar sáile.

Bealach nach bpillfeadh, bealach nach raibh ceangailte idir dhá cheann na himní. Cé a shamhlódh dom nár shiúil mé riamh é, mise rí-éigeas na nGael san fhichiú céad seo, in aimsir na hAiséiri? Cé a shamhlódh dom gur ar chomliarle leathchairde a mhair mé bunús an ama ó tháinig ann dom? Má b'olc a rinne mé an chomhairle sin b'fhada buan a d'fhan mé leath bealaigh idir a meas agus a drochnheas. Nach deacair don duine a bheith foighdeach liom má insím cén fáth? Nó tá eagla orm nach dtuigtear an fhírinne má insím í.

Ach goidé an gar dom a bheith ag scríobh mura dtuigtear mé? Inseoidh mé an fáth nár scar mé le mo leathchairde seal mór de mo shaol, an fáth nach ndeachaigh mé a fhad agus ba mhian liom ar bhealach an aoibhnis agus an tseachráin sí. Is fada an lá ó scar mé le cuid mhór den chathéide a bhíos ar bhunús achan fhear eile—post seascair agus barúlacha a fhóireas dá •hó féin, Da olcas mé bhí drochmheas riamh ar an méid sin agam. Ach bhl eagla fada buan orm romham íein. Níorbh lontan dom sin agus go raibh mo mhuintir íein anuas riamh orm, mar bheadh contúirt ionam a mbeadh an saol ceilte uirthi. Le íada riamh dá dtigeadh slaghdán ar dhuine eile dhéanfai trua de; dá dtigeadh slaghdán ormsa ba mhór an náire dorn é. Dá dtigeadh fearg ar dhuine eile ba sin an té nach ligfeadh a chnámh leis an mhada; dá dtigeadh fearg ormsa ba mé an tarbh de dhuine íhiáin. Dá ndéanadh duine eile éagóir bhí sé amuigh aige; dá ndéanainnse éagóir ní thiocfadh a dheireadh a inse. Ní thaitníonn an cineál seo Críostúlachta liom, más Críostúlacht í; ach tá cuid mhór di ar an tsaol. B'fhéidir go raibh neart éigin ionamsa nár thuig mé; b'fhéidir nach dtuigim mo neart go hiomlán go fóill. Ach fiafraím díbh, arbh iontas ar bith dom a shamhailt go rabhthas ag brath ceangal na gciig gcaol a chur orm sula ndéanainn coir ar bith? Throid mé ina aghaidh. Bhris mé amach as scoltacha agus as coláistí. Sa bhliain 1916 d'imigh mé as Coláiste Naomh Adhamhnáin ag brath a dhul in arm na Sasana, agus choinnigh Seachtain na Cásca cúl orm. Thréig mé coláistí eile, agus ina dhiaidh sin i gceann mo bhliana is fiche bhí mé i mo mháistir scoile dhéanta. Ach go bé go raibh a bheagán nó a fnhórán comhairle orm, ach go bé po raibh eagla orm romham íein, ní bheadh léann ar bith inniu agam.

Ach ní bhfuair siad mo rún, agus má cuireadh comhairle corruair orm b'fhíorannamh é. Is fada an lá ó thuig mé go rabhthas ag iarraidh m'anam a bhaint díom. Ar an ábhar sin bhl mé docheansaithe agus bhí mo chuid tallannach ainmheas-aritha. Bhí mé seachantach. Scríobh mé scéalta agus b'fhéidir nach gcuirfinn i bprionta choíche iad ach go bé daoine eile; nó níor chreid mé gur chóir do fhile a chuid oibre a dhíol....

Chapter 3

p. 26- top of p. 29

...Fá dheireadh bhí mo chuid airgid ag éirí chomh gann agus gur chuir mé fuagra ar na páipéir go dteagascóinn Gaeilge. Ba rud teagasc Gaeilge a raibh drochmheas riamh agam air. Ní thuigfidh duine a tógadh le Béarla mé. Ach dá mbíodh an Béarla go maith aige, agus aige lena theagasc do dhaoine a raibh fíor-dhroch-Bhéarla acu, thuigíeadh sé mé. Dar liom riamh go raibh cloigne ar lucht foghlaim Gaeilge cosúil leis na lámha a bhíos ar oibríonna, anchuma orthu le cranraí agus le masla. Ach, arsa mise liom íein, tá aireas agam go dtioc-faidh daoine aisteacha a íhoghlaim uaimse.

Ní raibh aireas agam riamh nach raibh an ceart agam. Ní tháinig chugam ach triúr nó cheathrar, ach bhí duine amháin acu a mb'íhiú dom aithne a fháil air. Ba sin Tomás Ó Ciaragáin. Ní raibh sé ach ocht mbliana déag d'aois ach bhí seancheann air den aois sin. Ina dhiaidh sin bhí iomlán na crógachta agus na clisteachta ann a bhíos i ngasúraí fána aois. B'fhusa Gaeilge a theagasc do Thomás ná do dhuine ar bith eile acu, ach nuair a tháinig sé dhó nó trí 'chuarta chugam stad mé a theagasc Gaeilge ar chor ar bith dó. Bhí barraíocht eile ar ár n-intinn araon. Bhí muid araon ag breathnú an tsaol go bhfeicimis cá háit a raibh poll air. Bhí mise ní ba sine, ar ndóigh, agus bhí a fliios agam go gcaithfinn poll a bhriseadh ar an tsaol, ach bhí dóchas na hóige ag Tomás agus b'fhusa leis poill a fheiceáil ná mise. Agus b'fhéidir go raibh poill ar an tsaol dáiríre a ba léir dó agus nár léir domsa.

Bhí sé maith ag gadaíocht. San am i láthair bíonn a lán glas-stócach a tógadh go maith ag gadaíocht. Ba é an ola ar chroí Thomáis a bheith ag caint ar an dóigh le briseadh isteach i dtithe. Bhí sé socair againn teach áirithe ar an taobh ó dheas den chathair a bhriseadh, nuair a smaoinigh mise ar chleas eile.

Bhí tné maith riamh ag léamh nádúir daoine. Thig liom an aghaidh agus an cholainn agus lorg na lámhe a léamh go maith. Ní feasach dom cár fhoghlaim mé é. Smaoinigh mé go ndéanfainn airgead air. D'inis mé do Thomás sin.

" Dhéanfá, cinnte," ar seisean. " Ba cheart duit fuagra a chur isteach: ' Seosamh Mac Grianna, ag inse fortún ar scilling an ceann ' "

" Go socair anois," arsa mise. " Nach sileann tú go mb'íhearr fear as an Domhan Thoir ?"

" B'íhearr," ar seisean.

" Agus," arsa mise, "caithfidh clú a bheith air ar fud an domhain mhóir. Fan anois go bhfeice tú."

" Is mairg gan faille agam," ar seisean, " ach caithfidh mé a dhul chun an bhaile."

" Maith go leor," arsa mise, " tífidh tú amárach é."

Scríobh mé an fuagra an oíche sin. Seo mar rinne mé é— tá cóip de ar an tábla ag mo thaobh i láthair an bhomaite:

STARTLING!!! ELI BEN ALIM

says your future can be foretold, and that of your lover, your child, and your friend in trouble.

ELI BEN ALIM, Arab prophet, knows the future as the skilled pilot knows the hidden rocks and the safe anchorages. He has travelled the five continents, has predicted for GENERAL WILLIAMSON, U.S.A., and for M. HENRI BEAUVAIS, famous French actor, the MAHATMA GANDHI, and the ex-King of Bulgaria. Send ELI BEN ALIM a frank account of your problems. Give sex, date of birth. EncloSe P.O. value is. 2d., or stamps.

Address

" An bhfuil a leithéid de dhaoine ann ?" arsa Tomás liom nuair a thaispeáin mé dó é.

" Sin ceist a bhfuil fairsingeach inti! " arsa mise. " Duine doicheallach nach gcreidfeadh go bhfuil Gandhi ar an tsaol, agus an rí a chaill Bulgaria. I dtaca leis an bheirt eile ní chuala mise aon iomrá riamh orthu, ach chomh dóiche le rud eile go bhíuil a leithéidí ann. I dtaca le hEli Ben Alim é féin, nach bhfeiceann tu os coinne do dhá shúl é ?"

" Scoith fuagra é," ar seisean. " Tá a fhios agamsa fear a dhéanfas dóscríobh air."

Chuir mé an fuagra ar pháipéar áirithe. Má tá duine ar bith dícheallach go leor leis na seanpháipéir a chuartú gheobhaidh sé é. Agus na rudaí a hinsíodh dom i rith an tséasúir sin níor hinsíodh d'aon fhear eile iad; ní chuala an sagart i mbosca an éistigh féin a leithéid de scéalta. Mná, mná, mná, agus a oiread fear agus chuirfeadh iontas ort. Creidim riamh ó shin má thig leat amadán a dhéanamh díot féin go mbeidh caidreamh an domhain mhóir agat.

Chapter 15

Halfway down p. 131 - barr p. 134

...Sasain uilig agus Aibain. As Sasain mé féin, as Yorkshire.'

D'aithneoinn sin air gan é a inse ar chor ar bith dom.

" Tá droch-am san áit sin anois," arsa mise.

" Tá," ar seisean, "ó bhí an cogadh ann. Nuair a bhí misej ag teacht i méadaíocht chuaigh mé dh'obair i siopa leatharj capall. Thit sin as a chéile i ndiaidh an chogaidh. Chuaighméf go hAlbain ansin agus bhí mé ag obair ansin go dtáinig anj Díomhaointeas Mór i 1923 agus gur fágadh i mo thost arís mé.'j Rinne mé rún ansin nach ndéanfainn aon lá oibre choíche arís."

" Tá an siúl nimhneach mar sin féin," arsa mise.

" Tá," ar seisean, " go háirithe sa gheimhreadh. Ach níl dhéanaim mórán siúil sa gheimhreadh. Fanaim fá Thithe na mBocht. Agus ní chodlaím amuigh sa gheimhreadh; níl mé ag codladh amuigh go fóidU. Ní thig le colainn an duine achan sórt a fhuilsteán."

" Is fíor duit," arsa mise, agus mé ag smaoineamh go| ndearn mé féin ní ba mhó gaisciúlachta ná a shamhail mé.

" Cá háit a dtéid tú," arsa mise, " nuair a chodlaíos tú amuigh ? "

" I gcruacha féir," ar seisean.

" An gcuireann siad iargnó ar bith ort ? " arsa mise.

" Ní dhéan," ar seisean. " A íhad is nach ndéan tú doch ar bith ní bhíonn siad cruaidh ort. Is gnách liomsa cead iarraidh codladh i gcruach íhéir."

Dar liom, Sasanach thú dá mbeifeá céad bliain ar bhealach.

Tharraing mé féin amach toitíní. Ghoill sé riamh orm bea a dhéanamh de dhuine ar bith agus thairg mé ceann dó.

" Níl mé ag caitheamh," ar seisean. " Sin cleachtadh < a bhfuair mé bua air."

" Is maith a rinne tú sin," arsa mise. " Tá an tobaca ii chleachtadh chók a bheith chomh holc leis an obair."

Ar ball beag, arsa mise leis:

" Cé acu de na trí thír, Albain, Sasain nó Cymru, is fea a thaitníos leat ? "

" Fán tuairim amháin," ar seisean go fírinneach. " Tá siad déirceach go leor in achan chuid acu."

Tá formhór an chine dhaonna déirceach. Taitníonn sé níos fearr leo ná a bheith ionraice. B'fhéidir go bhfuil sé níos saoire.

Le linn muid a bheith ag caint air seo cé tímid romhainn ach tramp eile.

Sheasaigh sé agus d'fhan sé linn. Breathnach a bhí ann, gearrfhear cnámhach fionnraa a bhfaighfeá a leithéid in áit ar bith in Éirinn. Shiúil an triúr againn linn. Ghlac siad liomsa mar dhuine acu féin, agus is annamh a éirios sin díom; i

measc daoine a bhfuil clú chneasta acu bíthear fuar liom de ghnách. Féadaidh sé go n-abródh a lán de na daoine seo gur duine breá mé, ach duine ar bith a fuair a oiread aithne orm agus gur throid sé liom ní abródh sé gur duine breá mé. Nuair a bhímse pléisiúrtha bím ar nós chuma liom. Ach ní iarrfainn cuideachta ab fhearr ná an bheirt seo. Níorbh fhada, ar ndóigh, go ndeachaigh muid a chaint ar Chomharsheilbh. Bhí a bheagán nó a mhórán eolais ag an tSasanach air ach ní raibh ag an Bhreathnach.

" Caithfidh sé a theacht," arsa an Sasanach. " Tháinig sé sa Rúis agus tiocfaidh sé anseo."

" Dá dtigeadh sé mar ba cheart," arsa mise. " Ní thuigim ar chor ar bith é," arsa an Breathnach. " Is é an rud a thuigimse leis," arsa mise, " cuir i gcás an siopa sin thall: in áit a bheith i seilbh aon duine amháin, agus an duine sin ar a fhaichill ar eagla go ngoidfí a dhath air, ba chóir cead a bheith ag achan duine a dhul isteach agus a rogha rud a thabhairt leis. Ní thabharfadh aon duine leis ach an méid a bhí a dhíth air."

" Humh 1 " arsa an Breathnach, agus d'aithin mé air gur mhaith leis an fhaill a fháil.

" Ní thabharfadh," arsa mise, " nó ní bheadh aon duine agat lena thabhairt dó i ndiaidh a ghoid. Bheadh a sháith ag achan duine."

Chuir seo a smaoinemh é. Bhí a fhios agamsa i mo chroí istigh go ngoidfeadh seisean agus go roinnfeadh sé ansin.

Agus bhí a fhios agam nuair nach mbeadh aon duine aige le roinnt leis go gcaillfeadh sé an tsuim sa ghadaíocht. Á, an fhírinne, an fhírinne ! Nach beag a shiúlas uirthi, agus nach cóngarach atá sí don tseithe sa té is bréagaí!

Thoisigh mé ansin a bhaint cainte as an tSasanach.